**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

**2022/0000(BUD)**

8.9.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Buiséid

maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 – na ranna uile
(2022/0000(BUD))

Rapóirtéir don tuairim: Monika Vana

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Achainíocha, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; de bhrí go luaitear in Airteagal 8 CFAE go mbeidh sé mar aidhm ag an Aontas ina chuid gníomhaíochtaí uile neamhionannais a dhíothú, lena mbunófar prionsabal an phríomhshruthaithe inscne;

B. de bhrí gur cuireadh cuspóirí beartais agus gníomhaíochtaí beartais i láthair i Straitéis AE maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025 d'fhonn dul chun cinn suntasach a bhaint amach i dtreo Eoraip a bheidh comhionann ó thaobh inscne de faoi 2025;

C. de bhrí gur áitigh an Pharlaimint arís agus arís eile ar an gCoimisiún úsáid an phríomhshruthaithe inscne a chur chun cinn agus a chur chun feidhme ina ghníomhaíochtaí, ina bhuiséadú inscne, agus ina measúnuithe tionchair inscne i réimsí beartais uile an Aontais; de bhrí nach mbíonn buiséid inscne-neodrach riamh agus, dá bhrí sin, gur gá iad a bhunú le cuspóir soiléir an fhrith-idirdhealaithe agus é mar sprioc acu freastal ar gach duine agus ar a riachtanais shonracha; de bhrí gur iarr an Pharlaimint go láidir go ndéanfaí príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne a chur chun feidhme ar fud an nós imeachta bhuiséadaigh;

D. de bhrí gur[1] deimhníodh i dtuarascáil speisialta 10/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa nach gcuirtear comhionannas inscne san áireamh go leormhaith fós i dtimthriall buiséadach an Aontais agus nár chuir an Coimisiún a ghealltanas chun feidhme go fóill go ndéanfadh sé príomhshruthú inscne a áireamh i mbuiséad an Aontais;

E. de bhrí gur iarr an Pharlaimint arís agus arís eile go dtabharfaí cistiú leordhóthanach don Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), don Chlár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht, agus don Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) ina dhiaidh sin,[2]agus go dtabharfaí cistiú leordhóthanach agus tús áite dá snáithe Daphne, chun neamh-idirdhealú agus comhionannas inscne a fhorfheidhmiú;

F. de bhrí go bhfuil méadú breise ag teacht ar an mbochtaineacht, go háirithe i measc na mban, mar gheall ar chogadh gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar na géarchéimeanna daonnúla agus fuinnimh a eascraíonn as; de bhrí gur cheart buiséad an Aontais a bheith in ann freagairt d'urrúis atá ag fás; de bhrí gur cheart bearta agus tosaíochtaí sonracha a bhreathnú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ban agus cailíní, mar dhídeanaithe agus mar dhaoine atá buailte ag iarmhairtí na géarchéime;

G. de bhrí go bhfuil tionchar díréireach ag géarchéim COVID-19 ar mhná agus ar chailíní agus go bhfuil na neamhionannais a bhí ann cheana á ngéarú aici, rud a bhfuil baol

[1] Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, *Gender mainstreaming in the EU Union budget: time to turn words into action* [Príomhshruthú inscne i mbuiséad an Aontais Eorpaigh: tá beart de réir briathair de dhíth]. Tuarascáil Speisialta Uimh. 10, 2021, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021.
[2] Arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/692.

méadaithe foréigin inscnebhunaithe (GBV) mar thoradh air, go háirithe le linn dianghlasála, agus rátaí imeachta níos airde ón margadh saothair atá nasctha le hualach níos airde freagrachtaí cúraim; de bhrí gur mná iad tromlach na ndaoine atá fostaithe in earnálacha atá buailte ag an ngéarchéim;

H. de bhrí go bhfuil mná fós faoi ghannionadaíocht i bpoist cheannaireachta agus chinnteoireachta, agus go bhfuil cion ró-ard díobh in earnálacha ar phá íseal amhail obair chúraim agus obair sheirbhíse, agus sa gheilleagar neamhfhoirmiúil agus in earnálacha a bhfuil dálaí forbhásacha ag baint leo; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh an ceart chun post ag mná, agus cearta ráthaithe acu agus an ceart chun máithreachais gan pionós a bheith orthu mar thoradh air; de bhrí go n-áirítear i measc samplaí den idirdhealú tá brú a chuireann fostóirí ar mhná ag agallaimh poist, mar aon le brú eacnamaíoch atá ag dul i méid a bhaineann leis an obair a chuirtear ar fhostaithe ar mná iad gan saoire mháithreachais a ghlacadh; á chur i bhfáth, fiú agus cothromaíocht an tsaoil phearsanta, an tsaoil teaghlaigh agus an tsaoil ghairmiúil á cur san áireamh, gur cheart go n-áireofaí i mbuiséad an Aontais méadú ar infheistíocht i seirbhísí poiblí, lena n-áirítear córais sláinte ardcháilíochta agus córas slándála sóisialta poiblí, rud lena n-áiritheofaí a uilíocht;

I. de bhrí go bhfuil éagothroime inscne ann sa gheilleagar digiteach agus in earnálacha na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM) ó thaobh oideachais, oiliúna agus fostaíochta de; de bhrí go bhféadfaí comhionannas inscne a chur chun cinn sa ré dhigiteach mar thoradh ar acmhainní lena dtacaítear le cumhachtú gach mionlaigh inscne tríd an gcuimsiú digiteach;

1. á chur i bhfios go láidir gur cheart gné na hinscne a chomhtháthú go hiomlán agus go leormhaith ar gach leibhéal den phróiseas buiséadach, go háirithe i bhfianaise thionchar inscne phaindéim COVID-19 agus na frithfhreagartha méadaithí i gcoinne chearta na mban agus an chomhionannais inscne i roinnt Ballstát; á iarraidh go ndéanfaí buiséadú inscne agus go n-áiritheofaí cuspóirí a bhaineann le hinscne i gcláir uile an Aontais agus go ndéanfaí línte buiséid ábhartha a shainaithint, go ndéanfaí faireachán éifeachtach ar rannchuidiú bhuiséad an Aontais le comhionannas inscne agus go ndéanfaí athbhreithniú atá íogair ó thaobh inscne de ar chláir ina ndéantar caiteachas a choigeartú de réir na gconclúidí;

2. á chur in iúl, sa chomhthéacs sin, gur geal léi gealltanas leanúnach an Choimisiúin go ndéanfaidh sé modheolaíocht a fhorbairt chun caiteachas atá ábhartha ó thaobh inscne de a thomhas mar aon le measúnú leanúnach ar bhailiú sonraí a bhaineann le hinscne; ag dréim leis go rachfar i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa le linn an phróisis measúnaithe; ag dréim leis go gcuirfidh an Coimisiún a ghealltanais chun feidhme go hiomlán agus go dtabharfaidh sé tuairisc shonrach ina leith sin don údarás buiséadach;

3. a chur i bhfáth, ós rud é gurb é CERV an t-aon chlár lena ngabhann spriocanna caiteachais a bhaineann le hinscne, lena n-áirítear maidir le GBV a chosc agus a chomhrac, go bhfuil sé ríthábhachtach maoiniú leordhóthanach a leithdháileadh, agus ar an gcaoi sin, a bhuiséad a mhéadú de réir mar a mheastar is iomchuí chun dul i ngleic le héagothromaíochtaí ar measa iad mar gheall ar ghéarchéimeanna éagsúla lena n-áirítear paindéim COVID-19, an cogadh san Úcráin, agus an fhrithfhreagairt i gcoinne chearta na mban, go sonrach Sláinte Ghnéis agus Sláinte Atáirgthe agus na Cearta a Bhaineann

leo (SRHR), i roinnt Ballstát, agus chun dul chun cinn suntasach a bhaint amach ar deireadh;

4. á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistiú leordhóthanach chun príomhchuspóirí Straitéis 2020-2025 AE maidir le Comhionannas Inscne a chur chun cinn, cuspóirí a n-áirítear orthu, i measc eile, deireadh a chur le GBV, steiréitíopaí inscne a cheistiú, bearnaí inscne a dhúnadh i margadh an tsaothair, agus rannpháirtíocht chomhionann a bhaint amach ar fud earnálacha éagsúla den gheilleagar;

5. á éileamh go láidir arís go ndéanfaí acmhainní a mhéadú chun GBV a chomhrac agus á éileamh arís go ndéanfaí méadú leordhóthanach ar chistiú don chomhionannas inscne agus do phríomhshruthú inscne agus do na heagraíochtaí ábhartha faoi na snáitheanna ‘Daphne’ agus ‘Luachanna’, go háirithe maidir leis an méadú intomhaiste atá tagtha ar chásanna foréigin in aghaidh na mban ó thosaigh paindéim COVID-19; á chur i bhfáth gur gá acmhainní poiblí, airgeadais agus daonna a mhéadú chun tacú le grúpaí atá i mbaol bochtaineachta agus chun dul i ngleic le cásanna ina gcuirtear leanaí agus daoine óga, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean i mbaol;

6. á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go ndéanfaí an líne bhuiséid ‘Comhionannas agus Cearta’ a roinnt d’fhonn trédhearcacht a áirithiú trí líne bhuiséid shonrach a thiomnú do bhearta a bhaineann leis an gcomhionannas inscne amháin; agus chun cistiú a chur ar leataobh do thionscadail a rannchuidíonn le cuspóirí sonracha a chur chun feidhme chun an comhionannas inscne agus an príomhshruthú inscne a chur chun cinn;

7. á mholadh, go háirithe, cistiú a mhéadú chun cosaint máithreachais, atharthachta agus luath-óige a chur chun cinn trí na cláir iomchuí; á iarraidh, chuige sin, go dtabharfaí tábhacht ar leith do shláinte máithreacha agus leanaí i mbuiséad 2023 an Aontais; á mholadh, thairis sin, go ráthófaí cistí chun cothú cíche a chosaint, a chur chun cinn agus chun tacú leis, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis na hiarrachtaí chun sprioc na hEagraíochta Domhanda Sláinte a bhaint amach maidir le 50 % de leanaí ar fud an domhain a bheith á gcothú go heisiach ar an gcíoch don chéad sé mhí dá saol faoi 2025, rud a d’éileodh, i measc bearta eile, go mbeadh saoire mháithreachais agus atharthachta fada go leor, agus luach saothair leordhóthanach ag dul léi;

8. á iarraidh go láidir go ndiúltófaí poist fhorbhásacha a bhunú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhaontuithe comhchoiteanna, luachmhéadú pá, cur chun cinn conarthaí neamhiata agus rialáil uaireanta oibre a chur chun cinn; ag tathant ar an bParlaimint agus ar institiúidí eile an Aontais dul i ngleic leis an éiginnteacht trí chomhaontuithe comhchoiteanna agus obair le ngabhann cearta a chur chun cinn agus trí dhiúltú d’fhochonraitheoireacht, agus ar an gcaoi sin, pá comhionann as obair chomhionann a áirithiú;

9. á chur i bhfáth gur cearta bunúsacha agus réamhchoinníoll don chomhionannas inscne é SRHR; á athdhearbhú gur gá leithdháiltí buiséadacha a threisiú faoin gclár EU4health a thacaíonn le gníomhaíochtaí lena n-áirithítear gné inscne na sláinte, lena n-áirítear Sláinte Ghnéis agus Sláinte Atáirgthe agus na Cearta a bhaineann leo, ar dlúthchuid iad den chúram sláinte nach mór a chur i gcroílár an bheartais sláinte chun rochtain uilíoch a áirithiú, chomh maith le cáilíocht na seirbhísí, go háirithe i bhfianaise na frithfhreagartha i gcoinne chearta na mban agus i gcoinne na rochtana ar ghinmhilleadh

sábháilte agus dlíthiúil i roinnt Ballstát, chomh maith leis na cineálacha cúraim agus leighis atá bunriachtanach do phleanáil dheonach clainne agus do shláinte mháthartha agus sláinte leanaí nuabheirthe, agus le haghaidh taighde agus cóireáil ar riochtaí inscne-shonracha amhail miómaí, siondróm réamh-mhíosta agus inmheatróis lena ngabhann gné thrasnach, go háirithe maidir le mná gorma agus mná de bhunadh mionlach eitneach a dhiagnóisiú agus cóireáil a chur orthu;

10. á chur i bhfáth gur gá ról níos gníomhaí a bheith ag buiséad an Aontais sna hiarrachtaí chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach; á iarraidh, dá bhrí sin, go n-úsáidfí an buiséad chun tacú le bearta agus tionscadail atá ceaptha bochtaineacht ban agus bochtaineacht leanaí a dhíothú, lánpháirtiú i margadh an tsaothair a mhéadú agus a fheabhsú, deireadh a chur le neamhionannais phá agus saothair idir fir agus mná, rochtain ar chúram sláinte agus soláthar an chúraim sláinte a fheabhsú, agus foréigean in aghaidh ban, leanaí agus daoine óga a chomhrac;

11. á chur i bhfáth go bhfuil obair ríthábhachtach á déanamh ag EIGE chun feasacht a mhúscailt maidir le méid agus cúiseanna an neamhionannais inscne san Aontas, rud atá léirithe sa mhéadú ar na cúraimí a leithdháiltear air, agus atá thar a bheith tábhachtach i bhfianaise géarchéimeanna leanúnacha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go gcuirtear tosaíochtaí polaitiúla an Aontais maidir le comhionannas inscne i mbaol trí ghníomhaíochtaí EIGE a laghdú tuilleadh; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí 8 ngníomhaire ar conradh a leithdháileadh chun a chur ar chumas EIGE a shainordú mar ghníomhaireacht bhunúsach a chomhlíonadh go héifeachtach maidir le huirlisí modheolaíochta a fhorbairt, a anailísiú, a mheasúnú agus a scaipeadh chun tacú le comhionannas inscne a chomhtháthú i mbeartais uile an Aontais agus sna beartais náisiúnta a eascraíonn astu;

12. á chur in iúl gur oth léi an bhearna idir na hinscní maidir le scileanna digiteacha, agus i ngairmeacha ETIM, i gceannaireacht thionsclaíoch, agus san fhiontraíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún na hionstraimí atá ar fáil a neartú agus sineirgí a fhorbairt; á iarraidh, le buiséad an Aontais, go ndéanfaí rannpháirtíocht na mban sa gheilleagar digiteach agus in earnálacha agus gairmeacha ETIM a spreagadh trí chláir de chuid an Aontais, mar shampla sa taighde, sa nuálaíocht agus sa teicneolaíocht;

13. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a úsáid chun comhionannas inscne, fostaíocht na mban agus rochtain ar mhargadh an tsaothair, foghlaim agus oiliúint ar feadh an tsaoil, cúram leanaí agus saoráidí cúraim fhadtéarmaigh a chur chun cinn, go háirithe i bhfianaise na meánbhearna pá 14 % idir na hinscní san Aontas, agus chun dul i ngleic le dúshláin shistéamacha maidir le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, lena n-áirítear an bhearna chúraim idir na hinscní, steiréitíopaí, noirm, róil agus traidisiúin;

14. á chur i bhfáth gurb é cuspóir ginearálta na snáithe EaSI de CSE+ an fhostaíocht, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, oideachas agus oiliúint, comhionannas inscne agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do chuspóirí an Aontais, agus dá bhrí sin, gur cheart don tacaíocht aghaidh a thabhairt freisin ar riachtanais dídeanaithe ón Úcráin ar mná agus leanaí iad, a mhéid a bhaineann leis an gcabhair do na réigiúin atá á n-óstáil; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle na leithdháiltí buiséid a mhéadú faoin gclár CSE+, faoin gclár

um ‘Chomhionannas agus cearta’ agus faoi chlár an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) a dhéantar ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar ionaid dídine agus ar sholáthraithe seirbhíse a thacaíonn le mná san Úcráin chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta in AE a thacaíonn le dídeanaithe ón Úcráin, lena n-áirítear marthanóirí foréigin ghnéasaigh mar arm cogaidh; á iarraidh, thairis sin, go ndéanfaí leithdháiltí breise faoi CTIL chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát i gcoinne na gáinneála ar dhaoine agus chun mná agus leanaí a chosaint ar an gcineál sin coireachta eagraithe;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle na leithdháiltí buiséid a mhéadú a dhéantar ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann cearta na mban chun cinn, go háirithe iad siúd atá ag obair ar chur chun cinn SRHR, amhail an tionscnamh domhanda SheDecides, agus ar chur chun cinn cearta LGBTI+ i gcomhthéacs na frithfhreagartha i gcoinne chearta na mban, go háirithe ó thaobh SRHR de, agus á iarraidh air a áirithiú nach féidir le heagraíochtaí frith-inscne agus frithrogha rochtain a fháil ar chistí an Aontais.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 8.9.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 21<br>–: 3<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Christine Anderson, Robert Biedroń, Annika Bruna, Margarita de la Pisa Carrión, Frances Fitzgerald, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Radka Maxová, Karen Melchior, Andżelika Anna Możdżanowska, Maria Noichl, Sandra Pereira, Samira Rafaela, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, María Soraya Rodríguez Ramos, Christine Schneider, Sylwia Spurek |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Cindy Franssen, Marina Kaljurand, Predrag Fred Matić, Monika Vana, Pernille Weiss |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Giuliano Pisapia |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA I gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 21 | + |
|---|---|
| PPE Group | Isabella Adinolfi, Frances Fitzgerald, Cindy Franssen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Christine Schneider |
| Renew Group | Karen Melchior, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos |
| S&D Group | Robert Biedroń, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Marina Kaljurand, Predrag Fred Matić, Radka Maxová, Maria Noichl, Giuliano Pisapia |
| The Left Group | Sandra Pereira |
| Verts/ALE Group | Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek, Monika Vana |

| 3 | - |
|---|---|
| ECR Group | Margarita de la Pisa Carrión |
| ID Group | Christine Anderson, Annika Bruna |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR Group | Andżelika Anna Możdżanowska |
| PPE Group | Pernille Weiss |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh ó vótáil